

BEALACH MHICHÍL MHIC EGIN.

Micheál Mac Eoin agus fear de Cloinne Mhac Con Rí-Feichín Beag –réidhtigheadar amach iad féin ag dul ag marbú leabhán. Bhí Feichín Beag, i gceann an bháid, é ina shuidhe ar an seas tosaigh ag breathnú uaidh amach ar an bhfarrge. “Tá rud feicthe agam” adeir sé nach bhfaca mé chó luath seo sa mbliain ariamh, liabhán gréine ag dul suas idir Cruach na Caoile agus Cruach na Cara.”

Ag dul síos dóibh ag Liath Brás seadh chonnaiceadar é. Sheas Feichín Beag ag ball an bhaid ag bun crainn sínnte an tseoil tosuigh. Badh éad a bhí i bhFeichín Beag nua-aoiseach. “Tá stríoca ag imtheacht faoi n-a dhruim seo,” adeir Micheál Mhac Eoin, “is ann atá an tsleagh le dhul. Is ag Feichín a bhí an tsleagh chó luath agus tarraingeadar suas ní dhearna Feichín Beag ach an tsleagh a chur ann chomh fada is bhí le dhul aice. Chuir sé ann den iarraidh sin í.

Sheas sé suas ar an tseile agus thosuigh sé ag leigean cábla leis an liabhán gréine agus chó luath agus bhí deire an chábla leis an liabhán gréine bhí sé ag imteacht chó tréan leis an mbád go raibh sí báidthe go dtí poll an bowspit tar éis a raibh de bhallasta innte bheith leagtha siar ar an seas deiridh. Níor thóg sé ach leath uair ó cuireadh an tsleagh ann nó go raibh sé ag glanadh amach tóin Sgeirde Mhór agus ghabh sé amach idir dhá charraig taobh thiar de Sgeirde nach raibh ann ach bealach báid iasgaigh agus thug sé an bád ina dhiaidh. Níor buaileadh an bád in aghaidh na carraige. Tháinig sí slántríd an gcuisle

Bhí Micheál Mhac Eoin ag gabhail an bháid. Ní dheachaidh sé ach fad dhá phíosa eangaidh san am ar éirigh an leabhán gréine caillte ar bharr na fairrge. Tharraingheadar aníos ar an gcábla go dtáinigheadar có fada leis an leabhán gréine gur cheanleigheadar chun tosaigh agus chun deiredh é gur gur bhaineadar an aobh agus an ola go dtugadar isteach sa mbád iad. Leigeadar an breac go tóin an phoill.

D’árduigheadar a gcuid seoil agus thugadar a n-aghaidh le gaotha anoir agus anoir ndéas ar Cheann Léime le haghaidh Cathair Na Mart leis an ola a dhíol ann. Bhíodar feistighthe ag an dó dhéag lar na bhárach ann agus deich bpuint fichead an fear saothruighe acab. Thóig sé dhá lá ag tigheacht abhaile mar gheall ar an ngaoth a dhul rómpab bhíodar istigh i nDubh-Dhithir agus an bád feistighthe acab i bhfoisgeacht uair do grian a dhul i dtalamh san trathnóna . Tá tugadh bealach Mhicil Mhic Eoin ar an gcuisle idir an dá charraig ariamh ó shoin agus Carraig Mhicil Mhic Éoin ar an gcarraig thiar agus Mullán Dubh ar an gcarraig thoir.

Athruigheadh an ballasta siar i ndeire an bháid sa gcaoi go gcoinneochaidh siad ceann an bhaid árdughthe mar bhí an liabhán gréine ag dul domhain go dtigidh sé go tóin an phuill. Má buailtear ar an domhain ceart é b’fhéidir go ngabhfadh sé dhá mhíle dhéag shul má

cailltear é. Má buailtear ar an tanaidhe é marbhóchaidh sé é féin i n-uair a chloig nó roimhe i naghaidh tóin an puill. Buailfidh sé an talamh.

Bhí sé scór feadh de leiginn téde ar an sleagh a bhí sáithe sa leabhán ag Feichín Beag agus níor ghearr sé an téad mar connacthas dó go mbeadh an fear a bhí ag gabhail an bháid i ndon í a chasadh dá mbuaileadh an liobhán an charraig. Ghabh an leabhán an chuisle amach díreach agud thug an bád ina dhiadh.

Bíonn tuagh aca leagtha ar an mbresthook i gceann an bháid leis an téad a ghearradh dá mbeadh aon chonhubhairt go mbáthfadh an leathbhán an bád.